**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1900 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Iúil 2024**

**lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1),

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') gearán de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1037 ('an bun-Rialachán'), ina líomhnaítear go bhfuil allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, á bhfóirdheonú agus go bhfuil díobháil á déanamh do thionscal an Aontais dá bharr.

(2) Rinne ICL Europe U.A., Lanxess Deutschland GmbH agus PCC Rokita S.A ('na gearánaigh') an gearán a thaisceadh an 8 Samhain 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal eistir fosfáite ailcile áirithe an Aontais de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán.

(3) Thionscain an Coimisiún imscrúdú faoi Airteagal 10 den bhun-Rialachán an 21 Nollaig 2023.

(4) Ar an 11 Lúnasa 2023 thionscain an Coimisiún imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí an táirge sin ó Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]), agus forchuireadh bearta sealadacha ar na hallmhairí sin an 11 Aibreán 2024 ([3]).

2. TARRAINGT SIAR NA hIARRATA

(5) I ríomhphost chuig an gCoimisiún an 15 Aibreán 2024, tharraing na gearánaigh siar a ngearán.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) den bhun-Rialachán, féadfar an t-imeacht a fhoirceannadh, ach amháin mura mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais.

(7) Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdaithe a léirigh nach mbeadh an foirceannadh chun leas an Aontais.

3. CONCLÚID AGUS NOCHTADH

(8) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart an t-imeacht a fhoirceannadh gan cinneadh foirmiúil maidir le cleachtais fóirdheonaithe tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(9) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir agus tugadh deis dóibh barúlacha a thabhairt.

(10) Ní bhfuarthas aon bharúil.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 282, 11.8.2023, lch. 4).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1064, 10.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1064/oj).

(11) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 25(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Foirceanntar leis seo an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2919 90 00 (cóid TARIC 2919 90 00 50 agus 2919 90 00 65) agus cód AC ex 3824 99 92 (cód TARIC 3824 99 92 38).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN